Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2023/2116(INI)

7.12.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: Tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta le haghaidh 2024
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Dragoş Pîslaru

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: Tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta le haghaidh 2024
(2023/2116(COD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 9 agus 149 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 dar teideal Annual Sustainable Growth Survey 2024 [Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, 2023] (COM(2021)0901),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle (COM(2023)0904),

– ag féachaint do mholadh ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2023)0903),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 dar teideal 'Alert Mechanism Report 2024' [Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh] (COM(2023)0902),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 maidir le Dréachtphleananna Buiséadacha 2024: Measúnú Foriomlán (COM(2023)0900),

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR) a d'fhógair an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i mí na Samhna 2017,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 dar teideal 'Teachtaireacht maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais' (COM(2022)0583),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (COM(2023)0240),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0000/2023),

A. de bhrí, de réir réamhaisnéis eacnamaíoch an fhómhair 2023 ón gCoimisiún, gur lean margadh saothair AE de bheith ag feidhmiú go láidir sa chéad leath de 2023, in ainneoin

an mhoillithe ar an bhfás eacnamaíoch; de bhrí go meastar go mbeidh fás fostaíochta 1.0 % ann i mbliana, agus go meastar go dtiocfaidh laghdú 0.4 % air in 2024 agus in 2025 araon; de bhrí go meastar go bhfanfaidh an ráta dífhostaíochta in AE cobhsaí a bheag nó a mhór ag 6.0 % in 2023 agus 2024 agus go rachaidh sé síos go 5.9 % in 2025;

B. de bhrí go dtugtar chun suntais sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe do 2024, in ainneoin méaduithe suntasacha ar phá in AE in 2022 agus tús 2023, gur fhan siad sin faoi bhun na rátaí boilscithe arda agus go raibh cumhacht ceannaigh laghdaithe mar thoradh orthu, rud a rinne difear don chuid is mó ar ioncaim níos ísle; de bhrí gur tháinig laghdú 3.7 % ar fhíorphá in AE in 2022, rud a mhéadaigh baol na bochtaineachta lucht oibre; de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú ar fhíorphá ón mbliain seo chugainn mar thoradh ar fhás leanúnach ar phá ainmniúil agus ar bhoilsciú atá ag laghdú;

C. de bhrí gur cuireadh i bhfios go láidir i réamhaisnéis eacnamaíoch an fhómhair 2023 ón gCoimisiún go bhfuil méadú tagtha ar éiginnteacht agus ar rioscaí ar an taobh thíos don ionchas eacnamaíoch le míonna beaga anuas agus go bhféadfadh tarchur an ghéaraithe airgeadaíochta tionchar a imirt ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar feadh tréimhse níos faide agus ar leibhéal níos mó ná mar a tuaradh sa réamhaisnéis sin, ós rud é go bhféadfadh sé a bheith níos dúshlánaí airgeadas gnólachtaí, teaghlach agus rialtas a choigeartú do thimpeallacht na rátaí arda úis;

D. de bhrí go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag na haistrithe digiteacha agus glasa ar an gcomhshaol agus ar na daoine a ndéantar difear dóibh, ach ar an ngeilleagar freisin, lena n-áirítear an margadh saothair;

E. de bhrí, maidir leis an gclásal éalaithe ginearálta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, a rachaidh in éag ag deireadh 2023, nach mór don bheartas fioscach tacú leis an mbeartas airgeadaíochta maidir leis an mboilsciú a laghdú agus gur gá inbhuanaitheacht fhioscach a choimirciú, agus, ag an am céanna, dóthain spáis a chur ar fáil d’infheistíochtaí breise, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar sóisialta agus i seirbhísí sóisialta agus tacaíocht don fhás fadtéarmach;

F. de bhrí go soláthraítear sa tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht do 2024 an chéad mheasúnú ar staid reatha na mBallstát maidir leis na trí phríomhsprioc do 2030 agus go léirítear an méid seo a leanas léi: dul chun cinn maith i dtreo na sprice fostaíochta agus leibhéal fostaíochta de 74.6 %, ach le difríochtaí suntasacha de réir inscne agus aoise; dul chun cinn thromlach na mBallstát i dtreo a spriocanna náisiúnta maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, ach athruithe sa treo eile ag Ballstáit eile; an gá atá le dul chun cinn suntasach chun príomhsprioc an Aontais a bhaint amach, is é sin 60 % de dhaoine fásta a bheith ag foghlaim gach bliain san Aontas faoi 2030, ó leibhéal íseal 37.4 % in 2016;

G. de bhrí gur cheart go gcothódh cuimsiú creata um chóineasú sóisialta sa Seimeastar Eorpach cóineasú sóisialta aníos agus gur cheart go bhfeabhsódh sé an measúnú agus an faireachán ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta sna Ballstáit agus in AE trí rioscaí do chóineasú aníos a shainaithint do na Ballstáit sa tuarascáil chomhpháirteach fostaíochta bunaithe ar tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta agus trí thuarascálacha maidir le cóineasú sóisialta a fhoilsiú don Choimisiún do na Ballstáit sin a shainaithnítear mar Bhallstáit a bhfuil rioscaí don chóineasú sóisialta aníos ag bagairt orthu;

H. de bhrí go bhfuil oibrithe oilte ar féidir leo freagairt d'éilimh mhargadh an tsaothair agus an oideachais, na hoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil ríthábhachtach chun fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus iomaíochas méadaithe agus aistriú inbhuanaithe agus cóir gheilleagar AE a áirithiú;

I. de bhrí, mar thoradh ar aosú déimeagrafach, go bhfuil méadú tapa ag teacht ar líon na ndaoine os cionn 65 bliana d'aois agus, ag an am céanna, nach féidir le líon méadaitheach post criticiúil iarrthóirí oiriúnacha a aimsiú chun poist oscailte a líonadh, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar líon na bhfostaithe chun an tsamhail leasa shóisialta san Aontas a mhaoiniú;

J. de bhrí gur leag an Pharlaimint béim arís agus arís eile ar a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht chuí i bpróiseas agus idirphlé an tSeimeastair Eorpaigh ar bhealach rialta agus struchtúrtha chun trédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus úinéireacht na gcinntí arna nglacadh a mhéadú, go háirithe trí idirphlé eacnamaíoch agus sóisialta;

1. á chur i bhfáth nach mór do chuid d'aidhmeanna an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe claochlú cuimsitheach sochéiceolaíoch ar ár ngeilleagair a áirithiú, lena ndéantar míchothromaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha, digiteacha agus comhshaoil a chosc tríd an mbochtaineacht a chomhrac, neamhionannais a laghdú agus poist chuibhiúla a chruthú le pá agus dálaí oibre leormhaithe, agus ailíniú á áirithiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, chomh maith le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú;

2. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá faireachán cothrom le dáta maidir leis an margadh saothair agus le soláthar scileanna agus éileamh ar scileanna ar an leibhéal ceirde, earnála agus réigiúnach chun cabhrú le riachtanais scileanna ceirde agus idirdhisciplíneacha ábhartha a shainaithint agus a thuar;

3. á chur i bhfáth gur gá infheistíocht shuntasach a dhéanamh i ndaoine agus oideachas agus oiliúint ardcháilíochta, chuimsitheach agus fhóirdheonaithe a chur ar fáil i réimsí atá nasctha le riachtanais scileanna agus inniúlachtaí a bhfuil éileamh orthu i margaí an tsaothair agus in earnálacha atá dírithe ar an todhchaí de réir riachtanais áitiúla agus réigiúnacha; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna agus ar ghanntanais i margadh an tsaothair; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbeidh oibrithe réidh don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus gur féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta nua nó dul chun cinn gairme nua agus go mbeidh cláir oiliúna agus oideachais ag teacht le riachtanais an phláinéid, an gheilleagair agus shochaí na todhchaí;

4. á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé machnamh a dhéanamh ar dháileadh fostaíochta ardcháilíochta sa tsochaí, mar gheall ar leitheadúlacht na bochtaineachta agus an t-eisiamh sóisialta i measc grúpaí áirithe chun beartais shaincheaptha maidir le gníomhachtú agus cuimsiú a dhearadh ar bhealach níos fearr; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aird ar leith a thabhairt ar an nglúin óg, ina bhfuil deacrachtaí fós le sárú aici maidir le dul isteach i margadh an tsaothair, agus ar leanaí atá i mbaol níos airde go dtitfidh siad faoin mbochtaineacht agus faoin eisiamh sóisialta; á áitiú, ina leith sin, gur gá measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar na mbeartas reatha, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar chumas na mBallstát cóineasú sóisialta aníos a chothú;

5. á mheabhrú gurb iad cruthú post ardcháilíochta agus cur chun feidhme straitéisí coinneála na bealaí is fearr chun lucht saothair oilte a mhealladh agus á iarraidh go ndéanfadh fostóirí infheistíocht ina n-oibrithe; á thabhairt chun suntais go bhfuil deacrachtaí earcaíochta agus ganntanas saothair thar a bheith forleathan in earnálacha ina bhfuil dálaí oibre dúshlánacha agus droch-cháilíocht post; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, poist ardcháilíochta dea-íoctha a chruthú lena gcuirfear feabhas ar cháilíocht na beatha;

6. ag tacú leis an méadú ar chistí AE atá tiomnaithe do chuspóirí sóisialta agus le cur chun cinn infheistíochtaí atá dírithe ar an todhchaí atá dírithe ar na haistrithe córa glasa agus digiteacha, lena mbaineann gné láidir shóisialta, lena n-áirítear comhionannas inscne agus rochtain chomhionann ar sheirbhísí bunriachtanacha, amhail oideachas, sláinte agus bonneagar digiteach; á chur i bhfáth nach mór ionstraimí airgeadais ar gach leibhéal a bheith níos ilroinnte agus a bhfuil measctha agus cuachta ar bhonn níos mó;

7. á mheas gur cheart go lamhálfadh rialacha fioscacha an Aontais don infheistíocht phoiblí is gá agus do mhaoiniú an aistrithe chóir chuig geilleagar saor ó charbón agus do chur chun feidhme cuí phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus d'infheistíochtaí sóisialta; á chur i bhfáth, cé go bhfuil gá leis an bhfiachas poiblí a laghdú laistigh de thréimhse ama réasúnach, go bhfuil gá ag na Ballstáit bheaga nó ag Ballstáit a bhfuil fiachais níos mó acu le conairí coigeartaithe aonair níos solúbtha a fhágann go mbeidh dóthain spáis fhioscaigh acu chun tabhairt faoi na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is gá le haghaidh aistrithe glasa agus digiteacha atá cothrom go sóisialta ar bhealach nach bhfágfaidh aon duine ar lár;

8. á mheabhrú do na Ballstáit go bhfuil siad tiomanta athchóirithe a dhéanamh agus infheistíochtaí a dhéanamh a bhfuil tionchar sóisialta acu agus a rannchuidíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach AE agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach AE, agus a rannchuidíonn le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta trína bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; á iarraidh, sa chiall sin, go ndéanfaí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a phríomhshruthú i gcistí uile AE trí choinníollacht shóisialta a thabhairt isteach ina rialacha leithdháilte, mar chuid den Rialachán Airgeadais[1] lena gcumhdaítear buiséad ginearálta AE;

9. ag cur sonrú sna tograí ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin nua laistigh den athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch i mí Aibreáin 2023 chun inbhuanaitheacht fiachais a neartú agus chun feabhas a chur ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach trí infheistíocht agus athchóirithe, lena n-áirítear conairí coigeartaithe fioscacha lena gceadaítear infheistíocht shóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas cad iad na caiteachais agus na hinfheistíochtaí is gá chun na cuspóirí socheacnamaíocha fadtéarmacha is gá a bhaint amach chun garspriocanna sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún córas nua a mholadh le haghaidh ríomhanna maidir le heasnamh iomarcach bunaithe ar an measúnú sin chun cothroime a mhéadú le linn na n-aistrithe glasa agus digiteacha, na

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014 agus (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

hathléimneachta sóisialta agus chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí sna Ballstáit á háirithiú ag an am céanna;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún struchtúr rialachais eacnamaíoch a fhorbairt san Aontas a bheadh bunaithe ar thrédhearcacht, cuntasacht, dlúthpháirtíocht, lánpháirtiú, ceartas sóisialta agus cóineasú, comhionannas inscne, seirbhísí poiblí ardcháilíochta, lena n-áirítear córas oideachais poiblí ardcháilíochta do chách, fostaíocht ardcháilíochta agus forbairt inbhuanaithe;

11. á chur in iúl gur geal léi, chun cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn, go ndearnadh an nós imeachta faireachais iltaobhaigh a leagtar amach in Airteagal 148(4) CFAE a chomhlánú, den chéad uair, le córas luathrabhaidh laistigh den Seimeastar Eorpach trí chreat um chóineasú sóisialta a d'fhéadfadh ceartú rioscaí don chóineasú sóisialta a spreagadh arna sainaithint trí tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta agus trí thuarascálacha maidir le cóineasú sóisialta arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé rioscaí dibhéirseachta sóisialta a áireamh sna moltaí tírshonracha, go háirithe na rioscaí sin a bhaineann le luathfhorbairt daoine agus a bhféadfadh iarmhairtí fadtéarmacha a bheith acu ar dhaoine aonair, amhail rochtain chomhionann ar oideachas agus ar chúram sláinte ar ardchaighdeán, agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé iad a chur san áireamh agus conairí coigeartaithe fioscacha á sainiú;

12. á iarraidh go mbeadh próiseas níos daonlathaí ann i gcás an tSeimeastair Eorpaigh, agus Parlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach go dlúth i dtosaíochtaí beartais mhaicreacnamaíocha agus shóisialta a leagan síos, go háirithe; á mheas gur cheart do phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh an gnáthnós imeachta reachtach a leanúint agus comhaontú a bheith déanta ina leith idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa;

13. athdhearbhaítear le ról na gcomhpháirtithe sóisialta maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú agus á mheas gur cheart don athbhreithniú ar phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh tuilleadh idirphlé a chur chun cinn leis na geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, maidir leis na príomh-shaincheisteanna beartais i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le forálacha CFAE agus le socruithe dlíthiúla agus polaitiúla náisiúnta;

14. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.